Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 25 Eanáir 2017**
**(OR. en)**

**5623/17**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2016/0400 (COD)**

| | |
|---|---|
| **CODEC 104** | **CHIMIE 10** |
| **INST 32** | **AGRILEG 21** |
| **JUR 40** | **IND 15** |
| **CLIMA 7** | **COMPET 43** |
| **TELECOM 16** | **MAP 2** |
| **DEVGEN 8** | **POLARM 1** |
| **EMPL 30** | **COARM 14** |
| **SOC 41** | **CSDP/PSDC 35** |
| **ENER 12** | **CFSP/PESC 56** |
| **ENV 63** | **CONSOM 24** |
| **STATIS 2** | **SAN 39** |
| **ECOFIN 37** | **JUSTCIV 13** |
| **DRS 3** | **AVIATION 14** |
| **EF 10** | **TRANS 21** |
| **MI 69** | **MAR 24** |
| **ENT 24** | **UD 9** |

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 14 Nollaig 2016 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2016) 799 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena ndéantar roinnt gníomhartha dlí lena ndéantar foráil maidir le húsáid an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú a oiriúnú d'Airteagal 290 agus Airteagal 291 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2016) 799 final.

---

Faoi iamh: COM(2016) 799 final

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 14.12.2016
COM(2016) 799 final

2016/0400 (COD)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

## lena ndéantar roinnt gníomhartha dlí lena ndéantar foráil maidir le húsáid an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú a oiriúnú d'Airteagal 290 agus Airteagal 291 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

Le conradh Liospóin, rinneadh modhnú suntasach ar an struchtúr maidir leis na cumhachtaí is féidir leis an reachtóir a thabhairt don Choimisiún. Déantar idirdhealú soiléir leis an gconradh idir gníomhartha de chineál gar-reachtach ar thaobh amháin agus, ar an taobh eile, gníomhartha lena gcuirtear forálacha bunghnímh chun feidhme. Ina theannta sin, cuireann sé creat dlíthiúil iomlán difriúil ar fáil le haghaidh gach cineál gnímh.

Is iad an dá togra atá i gceist Airteagal 290 agus Airteagal 291 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ("CFAE" anseo feasta), a tugadh isteach le Conradh Liospóin a tháinig i bhfeidhm an 1 Nollaig 2009[1]. Leis na tograí déantar modhnuithe suntasacha ar na nósanna imeachta ar ar tugadh na "nósanna imeachta coiste" go dtí seo.

Ó thaobh na foclaíochta de, tá an sainmhíniú ar ghníomhartha tarmligthe in Airteagal 290(1) an-chosúil leis an sainmhíniú ar ghníomhartha atá, faoin gCinneadh 1999/468/CE[2], arna leasú le Cinneadh 2006/512/CE ón gComhairle, ("an Cinneadh maidir leis an nós imeachta coiste"), faoi réir an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú (NIRG) a bunaíodh in Airteagal 5a den Chinneadh sin. Sa dá chás, is gníomhartha a bhfuil feidhm ghinearálta leo atá i gceist agus tá sé mar aidhm leo eilimintí neamhriachtanacha áirithe den ghníomh reachtach a leasú nó a fhorlíonadh.

Ar an gcúis sin, fágadh Airteagal 5a den Chinneadh maidir leis an nós imeachta coiste lasmuigh de raon feidhme an athbhreithniúcháin ar an gCinneadh maidir leis an nós imeachta coiste faoi Rialachán 182/2011[3] ("an Rialachán maidir le Nós Imeachta Coistí") a glacadh ar bhonn Airteagal 291(3) CFAE maidir le cumhachtaí cur chun feidhme. Dá bhrí sin, ba ghá Airteagal 5a lena mbunaítear an NIRG a choinneáil go sealadach chun críocha bunghníomhartha atá ann cheana féin dá dtagraítear san Airteagal sin.

Dá réir sin, tá an NIRG fós sna 168 mbunghníomh reatha a chumhdaítear leis an togra seo agus beidh feidhm ag an NIRG (i gcomhréir le hAirteagal 5a den Chinneadh maidir leis an nós imeachta coiste) maidir leis na gníomhartha sin go dtí go leasófar iad go foirmiúil agus go gcuirfear in oiriúint iad go foirmiúil do Chonradh Liospóin.

Tráth a glacadh Rialachán Uimh. 182/2011 thug an Coimisiún gealltanas athbhreithniú a dhéanamh ar na forálacha a ghabhann leis an nós imeachta sin, d'fhonn iad a oiriúnú in am trátha do na critéir a leagtar síos sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh[4]. Ag teacht leis an ngealltanas sin rinneadh an Coimisiún trí thogra reachtacha le haghaidh ailíniú cothrománach in 2013 (Omnibus I, Omnibus II agus Omnibus III)[5] .

An 25 Feabhra 2014, ghlac Parlaimint na hEorpa a rúin reachtacha maidir leis na tograí sin[6], inar moladh roinnt leasuithe ar Omnibus I agus Omnibus III ach inar aontaíodh a bheag nó a mhór le tograí ón gCoimisiún. Os a choinne sin, níor thacaigh an Chomhairle le tograí an Choimisiúin, go háirithe de bhrí gur diúltaíodh an cur chuige maidir le foráil a dhéanamh

---

1 IO C 306, 17.12.2007.
2 IO L 184, 17.7.1999, lch. 23.
3 IO L 55, 28.2.2011, lch. 13.
4 IO L 55, 28.2.2011, lch. 19.
5 COM(2013) 451 final, COM(2013) 452 final agus COM(2013) 751 final
6 A7-0010/2014, P7_TA-PROV(2014)0114, A7-0011/2014, P7_TA-PROV(2014)0112

d'ailíniú uathoibríoch ón NIRG go gníomhartha tarmligthe toisc nach raibh ráthaíochtaí níos fearr ann go rachfaí i gcomhairle le saineolaithe de chuid na mBallstát ar bhonn córasach i dtaca le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Mar thoradh ar an stad san idirbheartaíocht idirinstitiúideach ar na comhaid sin, tharraing an Coimisiún siar iad, mar a fógraíodh ina Chlár Oibre 2015[7][8].

Cíoradh ceist an ailínithe arís nuair a pléadh an t-athbhreithniú ar an gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[9]. D'aithin na hinstitiúidí ar fad an gá atá leis an ailíniú agus gheall an Coimisiún go gcuirfeadh sé togra nua isteach faoi dheireadh 2016 maidir le hailíniú gníomhartha reachtacha a bhfuil tagairtí iontu fós don nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú. Is freagairt ar an ngealltanas sin an togra seo.

Ag an am céanna, cuireann an Comhaontú Idirinstitiúideach agus an Chomhthuiscint maidir le Gníomhartha Tarmligthe a ghabhann leis feabhas freisin ar an gcreat maidir le gníomhartha tarmligthe, agus ar an gcaoi sin tugann siad aghaidh ar an bpríomhúdar imní faoi deara cosc a chur go minic ar ghlacadh na ngníomhartha tarmligthe ar thaobh na Comhairle, eadhon an comhairliúchán le saineolaithe de chuid na mBallstát. Leis an gComhaontú tugtar gealltanas soiléir go ndéanfar comhairliúchán le saineolaithe de chuid na mBallstát ar bhonn córasach i dtaca le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe, lena n-áirítear an dréacht-téacs; ar an gcaoi sin, comhlíonfar príomhchoinníoll chun iarracht rathúil eile a thabhairt ar sheanfhorálacha an NIRG a ailíniú le Conradh Liospóin. Tá an gealltanas sin luaite go sainráite anois sna clásail chaighdeánacha nua atá le húsáid i ndréachtú cumhachtuithe don Choimisiún. Leis an gComhaontú aithnítear chomh maith a thábhachtaí atá sé comhar a dhéanamh go luath le Parlaimint na hEorpa maidir le gníomhartha tarmligthe agus a thábhachtaí atá sé tuairimí ina dtaobh a roinnt léi go luath. Dearbhaítear sa Chomhaontú nach mór do Pharlaimint na hEorpa gach doiciméad, lena n-áirítear na dréacht-ghníomhartha tarmligthe, a fháil ag an am céanna le saineolaithe na mBallstát, agus déantar foráil ann go mbeidh rochtain chórasach agus éascaithe ag saineolaithe de chuid Pharlaimint na hEorpa ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe. Ar deireadh, beartaítear leis an gComhaontú go bhféadfar cuireadh a thabhairt don Choimisiún chuig cruinnithe i bParlaimint na hEorpa (nó sa Chomhairle) ionas go bhféadfar tuairimí breise a mhalartú i dtaobh ullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

## 2. MODH AN AILÍNITHE AGUS PRÍOMHGHNÉITHE AN TOGRA

Is é an pointe tosaigh chun **raon feidhme** an togra seo a chinneadh na gníomhartha dlí a chumhdaítear sna trí thogra reachtacha le haghaigh ailíniú a ghlac an Coimisiún in 2013. Ní áirítear sa togra seo gníomhartha a bhfuil tograí reachtacha aonair déanta ina leith idir an dá linn[10]. I gcás amháin cuireadh gníomh nach raibh cumhdaithe faoin togra ó 2013 ach ar gá é a ailíniú, cuireadh leis an togra seo é.

Ní bhaineann an togra seo le hocht bpíosa reachtaíochta i réimse na lotnaidicídí agus an bhia[11]. I bhfianaise struchtúr na mbunghníomhartha sin mar atá i láthair na huaire, ba é an cur

[7] COM(2014) 910 final
[8] (2015/C 80/08), IO C 80, 7.02.2015, lch. 17.
[9] IO L 123, 12.05.2016, lch 1.
[10] Liostaítear na gníomhartha sin mar eolas faoi phointe 4.
[11] Rialachán (CE) Uimh. 1331/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 lena mbunaítear nós imeachta comhchoiteann údaraithe maidir le breiseáin bia, maidir le heinsímí bia agus maidir le blastáin bia (IO L 354, 31.12.2008, lch. 1); Rialachán (CE) Uimh. 1332/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le heinsímí bia agus lena leasaítear

chuige ab oiriúnaí iad a ailíniú le gníomhartha tarmligthe mar a mhol an Coimisiún in 2013 a dhéanamh. Ag an gcéim seo, áfach, níl na gníomhartha sin áirithe sa curtha leis an togra reatha ag an gCoimisiún mar tá a mhachnamh á dhéanamh aige féachaint an bhfuil bealach níos iomchuí ann leis na gníomhartha sin a struchtúrú a fhad a bhaineann le húdaruithe aonair/luachanna a leagan síos/substaintí sonracha a liostú bunaithe ar na critéir shonracha a leagtar síos sa ghníomh, á chur san áireamh an cur chuige feabhsaithe a ghlac na comhreachtóirí le déanaí sa reachtaíocht maidir le bia núíosach[12] agus an t-athbhreithniú atá ar siúl faoi REFIT ar na bunghníomhartha lotnaidicídí faoi láthair, chomh maith leis an obair atá ar feitheamh d'fhonn measúnú a dhéanamh ar dhlisteanacht dhaonlathach na nósanna imeachta atá ann faoi láthair maidir le gníomhartha tánaisteacha ar leith a ghlacadh (mar a fógraíodh i gClár Oibre an Choimisiúin 2017).

Sna tograí le haghaidh ailíniú ó 2013, ba é an **cur chuige reachtach** a roghnaíodh gan na bunghníomhartha i gceist a leasú ar bhonn aonair, ach foráil a dhéanamh go ginearálta go mbeadh na tagairtí don NIRG atá sna bunghníomhartha le léamh mar thagairtí d'Airteagal 290, nó d'Airteagal 290 nó d'Airteagal 291. Faoin gcur chuige sin, níorbh fholáir i gcónaí gach bunghníomh aonair a léamh in éineacht leis an rialachán Omnibus ábhartha, i gcás inar glacadh é.

I bhfianaise na ndeacrachtaí a bhí ag an gComhairle go háirithe leis an gcur chuige sin, tá a mhalairt de chur chuige roghnaithe sa togra seo. Tá sé beartaithe anois go ndéanfar leasú ar gach bunghníomh lena mbaineann. Tá an cur chuige sin cosúil leis an gceann a roghnaíodh nuair a tugadh isteach na forálacha NIRG de thoradh beart comhchosúil in 2007[13]. Dá réir sin, déantar roinnt leasuithe ar gach bunghníomh. Athraítear foclaíocht na forála cumhachtúcháin, i.e. an téacs ina bhfuil an cumhachtú substainteach don NIRG, agus leanann an fhoráil sin an friotal a comhaontaíodh sna clásail chaighdeánacha d'airteagail lena ndéantar cumhachtaí a tharmligean. Cuirtear an t-airteagal caighdeánach maidir le feidhmiú an tarmligin, mar atá an t-airteagal nós imeachta, isteach i ngach bunghníomh agus scriostar tagairtí don NIRG. Luaitear go sainráite i gcás gach gnímh an gceadaítear leis an gcumhachtú leasú a dhéanamh ar an mbunghníomh. Áirítear i ngach bunghníomh anois na clásail chaighdeánacha nua ina

Treoir 83/417/CEE ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1493/1999 ón gComhairle, Treoir 2000/13/CE, Treoir 2001/112/CE ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 258/97 (IO L 354, 31.12.2008, lch. 7); Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le breiseáin bia (IO L 354, 31.12.2008, lch. 16); Rialachán (CE) Uimh. 1334/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le blastáin agus maidir le comhábhair áirithe bia a bhfuil airíonna blaistithe acu agus atá le húsáid i mbianna agus ar bhianna agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 1601/91 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 2232/96 agus Rialachán (CE) Uimh. 110/2008 agus Treoir 2000/13/CE (IO L 354, 31.12.2008, lch. 34); Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Deireadh Fómhair 2004 maidir le hábhair agus le hearraí a bheartaítear a bheith i dtadhall le bia agus lena n-aisghairtear Treoir 80/590/CEE agus Treoir 89/109/CEE (IO L 338, 13.11.2004, lch. 4); Rialachán (CEE) Uimh. 315/93 ón gComhairle an 8 Feabhra 1993 lena leagtar síos nósanna imeachta Comhphobail maidir le héilleáin i mbia (IO L 37, 13.2.1993, lch. 1); Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil iarmhair lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó de bhunadh ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin, agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle (IO L 70, 16.3.2005, lch. 1) agus Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoir 79/117/CEE agus Treoir 91/414/CEE ón gComhairle (IO L 309, 24.11.2009, lch. 1).

12 Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le bianna núíosacha, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 258/97 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1852/2001 ón gCoimisiún (IO L 327, 11.12.2015, lch. 1).

13 Rialachán (CE) Uimh. 1137/2008, IO L 311, 21.11.2008, lch. 1.

ndéantar foráil don chomhairliúchán le saineolaithe na mBallstát i dtaca le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe. Ní dhéantar foráil in aon chumhachtuithe eile do leasuithe ar ghníomhartha eile.

Maidir leis an **rogha idir cumhachtaithe trí bhíthin gníomhartha tarmligthe agus cumhachtaithe trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme**, tá na tograí ailíniúcháin ó 2013 bunaithe ar an toimhde go bhfreagraíonn na bearta a chumhdaítear faoin nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú do na bearta sin is féidir a chumhdach le tarmligean cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 290 CFAE. Níor moladh ailíniú le hAirteagal 291 seachas le hAirteagal 290 ach i roinnt bheag cásanna in Omnibus III, ar bhonn measúnú cás ar chás a rinneadh ag an am.

Is é an tuiscint ghinearálta is bonn leis an togra nua go bhfuil an measúnú a rinneadh sna tograí Omnibus 2013 fós bailí. Níor ceapadh critéir nua, a mbeadh athbhreithniú domhanda ag teastáil dá ndroim, de thoradh na hidirbheartaíochta ar Omnibus 2013, ná de thoradh cásdlí ar an ábhar[14], ná de thoradh an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

I gcás ailíniú le gníomhartha cur chun feidhme cuirtear focal tosaigh leis. Sa bhreis ar na cásanna inar moladh ailíniú le gníomhartha cur chun feidhme cheana in 2013 ní chuirtear ach roinnt bheag cásanna breise leis an togra seo. Baineann sin le cumhachtuithe maidir le formáidí a chinneadh i réimse an staidrimh.

**Tábla 1: Forléargas ar na gníomhartha a moltar ailíniú le gníomhartha cur chun feidhme ina leith i gcás cumhachtuithe áirithe**

| Uimhir san Iarscríbhinn | Teideal an Ghnímh |
|---|---|
| 2 | Cinneadh Uimh. 406/2009/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le hiarrachtaí na mBallstát a gcuid astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú d'fhonn gealltanais an Chomhphobail suas go dtí 2020 a chomhlíonadh i ndáil le hastaíochtaí gáis ceaptha teasa a laghdú* |
| 6 | Cinneadh Uimh. 626/2008/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2008 maidir le córais a sholáthraíonn seirbhísí satailíte soghluaiste a roghnú agus a údarú* |
| 53 | Rialachán (CE) Uimh. 1221/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le rannpháirtíocht shaorálach eagraíochtaí i scéim Chomhphobail um bainistíocht agus iniúchadh comhshaoil (EMAS), agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 761/2001, Cinneadh 2001/681/CE agus Cinneadh 2006/193/CE ón gCoimisiún* |
| 58 | Rialachán (CE) Uimh. 530/1999 ón gComhairle an 9 Márta 1999 maidir le staidreamh struchtúrach ar thuilleamh agus ar chostais saothair. |
| 59 | Rialachán (CE) Uimh. 2150/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2002 maidir le staidreamh dramhaíola* |

[14] Cás C-88/14 An Coimisiún in aghaidh Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, Cás C-286/14 Parlaimint na hEorpa in aghaidh an Choimisiúin agus Cás C-472/12 An Coimisiún in aghaidh Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle

| | |
|---|---|
| 60 | Rialachán (CE) Uimh. 437/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Feabhra 2003 maidir le tuairisceáin staidrimh i leith paisinéirí, lastas agus post a iompar d'aer |
| 61 | Rialachán (CE) Uimh. 450/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Feabhra 2003 maidir le hinnéacs na gcostas saothair* |
| 64 | Rialachán (CE) Uimh. 1552/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Meán Fómhair 2005 maidir le staidreamh i ndáil le gairmoiliúint i bhfiontair* |
| 67 | Rialachán (CE) Uimh. 716/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2007 maidir le staidreamh Comhphobail i ndáil le struchtúr agus le gníomhaíocht fiontar cleamhnaithe coigríche* |
| 69 | Rialachán (CE) Uimh. 1445/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2007 lena mbunaítear rialacha comhchoiteanna le haghaidh faisnéis bhunúsach a sholáthar maidir le Paireachtaí Cumhachta Ceannaigh agus le haghaidh na Paireachtaí sin a ríomh agus a scaipeadh* |
| 70 | Rialachán (CE) Uimh. 177/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Feabhra 2008 lena mbunaítear creat coiteann do chláir ghnó chun críocha staidrimh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 2186/93 ón gComhairle* |
| 73 | Rialachán (CE) Uimh. 452/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2008 i ndáil le staidreamh maidir le hoideachas agus le foghlaim ar feadh an tsaoil a tháirgeadh agus a fhorbairt |
| 74 | Rialachán (CE) Uimh. 453/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2008 maidir le staidreamh ráithiúil ar fholúntais sa Chomhphobal* |
| 89 | Treoir 2006/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hinnealra, agus lena leasaítear Treoir 95/16/CE* |
| 99 | Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le táirgí cosmaideacha* |
| 104 | Treoir 97/70/CE ón gComhairle an 11 Nollaig 1997 lena mbunaítear córas comhchuibhithe sábháilteachta le haghaidh soithí iascaireachta 24 méadar ar fhad nó níos mó* |
| 114 | Rialachán (CE) Uimh. 725/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 maidir le slándáil long agus slándáil saoráidí calafort a fheabhsú* |
| 143 | Treoir 2002/46/CE ón gComhairle an 10 Meitheamh 2002 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le forbhianna* |
| 144 | Treoir 2002/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Eanáir 2003 lena leagtar síos caighdeáin cháilíochta agus sábháilteachta do bhailiú, do thástáil, do phróiseáil, do stóráil agus do dháileadh fola daonna agus comhábhair fola agus lena leasaítear Treoir 2001/83/CE* |
| 147 | Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le bia géinmhodhnaithe agus le beatha ghéinmhodhnaithe* |
| 151 | Rialachán (CE) Uimh. 2160/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Samhain 2003 maidir le salmonella agus le hoibreáin zónóiseacha bhia-iompartha eile a rialú |
| 154 | Treoir 2004/23/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 maidir le caighdeáin cháilíochta agus sábháilteachta a leagan síos do dheonú, do sholáthar, do thástáil, do phróiseáil, do chaomhnú, do stóráil agus do dháileadh fíochán agus ceall daonna* |

| | |
|---|---|
| 158 | Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 maidir le maímh chothúcháin agus shláinte a dhéantar i leith bianna* |
| 159 | Rialachán (CE) Uimh. 1925/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 maidir le vitimíní agus mianraí agus substaintí áirithe eile a chur le bia* |
| 165 | Rialachán (CE) Uimh. 470/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Bealtaine 2009 lena leagtar síos nósanna imeachta Comhphobail chun teorainneacha na n-iarmhar a bhunú do shubstaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de i mbia-ábhair de thionscnamh ainmhíoch, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 2377/90 ón gComhairle agus lena leasaítear Treoir 2001/82/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle* |
| 166 | Rialachán (CE) Uimh. 767/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le beatha a chur ar an margadh agus a úsáid, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 agus lena n-aisghairtear Treoracha 79/373/CEE, 80/511/CEE, 82/471/CEE, 83/228/CEE, 93/74/CEE, 93/113/CE agus 96/25/CE agus Cinneadh 2004/217/CE* |
| 167 | Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena leagtar síos rialacha sláinte maidir le seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe nach bhfuil ceaptha mar bhia don duine agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1774/2002 (Rialachán maidir le seachtháirgí ainmhithe)* |

* maidir leis na gníomhartha sin moladh cheana féin in 2013 ailíniú le gníomhartha cur chun feidhme fhorálacha ar leith

Moltar cumhachtuithe a scriosadh i gcásanna ina bhfuil siad tar éis imeacht as feidhm, bíodh sin ar chúiseanna ama (mar shampla i gcás inar ceadaíodh leo beart idirthréimhseach, ach go bhfuil an bunghníomh ag feidhmiú ina iomláine cheana le roinnt blianta anuas) nó nuair ba léir ó thaithí roimhe sin nach raibh gá leo.

**Tábla 2: Forléargas ar na gníomhartha a moltar ina leith cumhachtuithe áirithe a scriosadh**

| **Uimhir<br><br>Iarscríbh inn** | **Teideal an Ghnímh** |
|---|---|
| 2 | Cinneadh Uimh. 406/2009/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le hiarrachtaí na mBallstát a gcuid astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú d'fhonn gealltanais an Chomhphobail suas go dtí 2020 a chomhlíonadh i ndáil le hastaíochtaí gáis ceaptha teasa a laghdú |
| 7 | Rialachán (CE) Uimh. 1257/96 ón gComhairle an 20 Meitheamh 1996 maidir le cabhair dhaonnúil* |
| 36 | Treoir 98/83/CE ón gComhairle an 3 Samhain 1998 maidir le cáilíocht an uisce a ceapadh lena ól ag an duine |
| 54 | Rialachán (CE) Uimh. 66/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le hÉicilipéad an AE* |
| 57 | Rialachán (CE) Uimh. 1165/98 ón gComhairle an 19 Bealtaine 1998 maidir le staidreamh gearrthréimhseach |
| 66 | Rialachán (CE) Uimh. 458/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Aibreán 2007 |

| | |
|---|---|
| | maidir leis an gcóras Eorpach staidrimh iomlánaithe i ndáil le cosaint shóisialta (CESICS) |
| 92 | Treoir 2009/34/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le forálacha coiteanna i leith uirlisí tomhais agus modhanna rialaithe méadreolaíoch araon |
| 133 | Rialachán (CE) Uimh. 1071/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear rialacha comhchoiteanna maidir leis na coinníollacha a bheidh le comhlíonadh chun gairm an oibreora iompair de bhóthar a chleachtadh agus lena n-aisghairtear Treoir 96/26/CE ón gComhairle |
| 168 | Cinneadh Uimh. 70/2008/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Eanáir 2008 maidir le timpeallacht gan pháipéar i ndáil le custaim agus le trádáil |

* maidir leis na gníomhartha sin moladh cheana féin in 2013 roinnt forálacha a scriosadh

Maidir le **fad an chumhachtaithe**, is éard atá á mholadh ag an gCoimisiún cumhachtuithe ag a bhfuil fad éiginnte. Le linn na hidirbheartaíochta ar na tograí le haghaidh 2013 bhí an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa i bhfabhar fad cinnte cúig bliana a dhéanfaí a athnuachan go huathoibríoch tar éis tuarascáil ón gCoimisiún a bheadh le tíolacadh sula rachadh an tarmligean in éag. Sa togra nua tá an Coimisiún ag cloí leis an seasamh atá aige go bhfuil údar le fad éiginnte a bheith ag an gcumhachtú ar an ábhar go bhfuil an deis ag an reachtóir cumhachtú a chúlghairm i ngach cás agus aon tráth. Ar a bharr sin, dá bhforchuirfí ceanglas maidir le tuairisciú roimh an athnuachan uathoibríoch chuirfí ceangal ar an gCoimisiún tuarascálacha cúig bliana a eisiúint tar éis an togra seo ar 174 ghníomh éagsúla a ghlacadh, rud a chruthódh ualach suntasach riaracháin. Ar deireadh, leis an gComhaontú Idirinstitiúideach beidh níos mó trédhearcachta ann maidir le gníomhartha tarmligthe, go háirithe tríd an gclár comhpháirteach le haghaidh gníomhartha tarmligthe ar chinn na hinstitiúidí a chur ar bun faoi dheireadh 2017. Leis an gclár seo beidh forléargas simplí ar fáil ar na gníomhartha tarmligthe arna nglacadh faoi na hionstraimí ar fad.

Déantar foráil leis an togra, i roinnt cásanna, don **nós imeachta práinne** a thabhairt isteach. Déantar sin i gcásanna ina bhfuil sé beartaithe faoi láthair dul i muinín an nós imeachta práinne reatha faoi Airteagal 5a(6) i gCinneadh 1999/468/CE agus gur measadh an fhéidearthacht sin a bheith riachtanach. Sa chás sin, tugtar isteach i ngach gníomh an clásal caighdeánach comhfhreagrach lenar féidir an nós imeachta práinne a úsáid agus tugtar réasúnú sainráite ar úsáid an nós imeachta sin i ngach cás.

## 3. LIOSTA DE NA BUNGHNÍOMHARTHA INA NDÉANTAR TAGAIRT DON NIRG AGUS ATÁ FAOI RÉIR ATHBHREITHNIÚ SUNTASACH NÓ A BHFUIL ATHBHREITHNIÚ BEARTAITHE INA GCOMHAIR

**Tábla 3: Tograí a ghlac an Coimisiún**

| Réimse | Ionstraim | Tagairt an Togra |
|---|---|---|
| CLIMA | Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear scéim i ndáil le trádáil ar lamháltais i gcomhair astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Chomhphobal agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle | COM(2015) 337 |
| CNECT | Treoir 2002/19/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Márta 2002 maidir le rochtain ar líonraí cumarsáide leictreonaí agus ar shaoráidí gaolmhara, agus | COM(2016) 0590 |

| | | |
|---|---|---|
| | maidir le hidirnasc a bheith eatarthu (Treoir na Rochtana). | |
| CNECT | Treoir 2002/21/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Márta 2002 maidir le creat rialúcháin coiteann le haghaidh líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí (Creat-Treoir). | COM(2016) 0590 |
| CNECT | Treoir 2002/22/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Márta 2002 maidir le seirbhís uilíoch agus cearta úsáideoirí i dtaca le líonraí agus seirbhísí leictreonacha cumarsáide (Treoir maidir le Seirbhís Uilíoch). | COM(2016) 0590 |
| ENER | Treoir 2008/92/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2008 maidir le nós imeachta Comhphobail chun trédhearcacht praghsanna gáis agus leictreachais a ghearrtar ar an úsáideoir deiridh tionsclaíoch a fheabhsú (athmhúnlú) | COM(2015) 496 |
| GROW | Rialachán (CE) Uimh. 595/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2009 maidir le mótarfheithiclí agus innill a chineál-cheadú i leith astaíochtaí ó fheithiclí saothair throm (Euro VI) agus maidir le rochtain ar fhaisnéis faoi fheithiclí a dheisiú agus a chothabháil agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 agus Treoir 2007/46/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 80/1269/CEE, Treoir 2005/55/CE agus Treoir 2005/78/CE | COM(2014) 28 final |
| GROW | Treoir 2007/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meán Fómhair 2007 lena mbunaítear creat chun mótarfheithiclí agus a leantóirí, mar aon le córais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh atá beartaithe le haghaidh feithiclí den sórt sin a cheadú (Treoir Réime) | COM(2016) 31 final |
| GROW | Treoir 97/68/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 1997 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann leis na bearta atá le glacadh in aghaidh astaíocht truailleán gásach agus cáithníneach ó innill dócháin inmheánaigh atá le suiteáil in innealra soghluaiste nach innealra bóthair é | COM(2014) 581 final |
| GROW | Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2007 maidir le cineálcheadú mótarfheithiclí i dtaca le hastaíochtaí ó fheithiclí éadroma paisinéirí agus tráchtála (Euro 5 agus Euro 6) agus maidir le rochtain ar fhaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil feithiclí | COM(2014) 28 final |
| ENV | Treoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le dramhaíl agus lena n-aisghairtear Treoracha áirithe (Treoir Réime Dramhaíola) | COM(2015) 595 |
| ENV | Treoir 1999/31/CE ón gComhairle an 26 Aibreán 1999 maidir le líonadh talún le dramhaíl | COM(2015) 594 |
| ENV | Treoir 94/62/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 1994 maidir le pacáistiú agus dramhaíl ó phacáistiú | COM(2015) 593 |
| ENV | Rialachán (CE) Uimh. 338/97 ón gComhairle an 9 Nollaig 1996 maidir le speicis fauna agus flora fiáine a chosaint trí thrádáil iontu a rialú | COM(2012) 0403 |
| ESTAT | Rialachán (CE) Uimh. 1177/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meitheamh 2003 i ndáil le | Aisghairm molta ag COM(2016) 551 |

| | | |
|---|---|---|
| | staidreamh Comhphobal maidir le hioncam agus dálaí maireachtála (EU-SILC) | |
| MOVE | Treoir 2006/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2016 lena leagtar síos ceanglais theicniúla do shoithí uiscebhealaí intíre | COM(2013) 0622 |
| MOVE | Treoir 2002/30/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Márta 2002 maidir le rialacha agus nósanna imeachta a bhunú i ndáil le srianta oibríochta atá bainteach le torann a thabhairt isteach ag aerfoirt Chomhphobail | COM(2011) 0828 |
| MOVE | Treoir 96/50/CE ón gComhairle an 23 Nollaig 1996 maidir le comhchuibhiú na gcoinníollacha chun deimhniúcháin náisiúnta máistrí báid chun earraí agus paisinéirí a iompar d'uiscebhealach intíre a fháil | COM(2016) 82 final |
| MOVE | Treoir 91/672/CEE ón gComhairle an 16 Nollaig 1991 maidir le deimhniúcháin náisiúnta Máistrí Báid chun earraí agus paisinéirí a iompar d'uiscebhealach intíre a aithint go cómhalartach | COM(2016) 82 final |
| MOVE | Treoir 2009/45/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Bealtaine 2009 maidir le rialacha sabháilteachta agus caighdeáin le haghaidh long paisinéirí (athmhúnlú) | COM(2016) 0369 |
| MOVE | Treoir 1999/35/CE ón gComhairle an 29 Aibreán 1999 maidir le córas suirbhéanna sainordaitheacha maidir le hoibríocht shábháilte seirbhísí rialta farantóireachta róró agus árthaí paisinéirí mórluais | COM(2016) 371 |
| MOVE | Treoir 98/41/CE ón gComhairle an 18 Meitheamh 1998 maidir le clárú pearsana ag taisteal ar longa paisinéirí ag oibriú isteach agus amach as calafoirt Bhallstáit an Chomhphobail | COM(2016) 370 |
| SANTE | Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 lena leagtar síos nósanna imeachta Comhphobail maidir le húdarú agus maoirseacht ar tháirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine agus le haghaidh úsáid tréidliachta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Leigheasra Eorpach | COM(2014) 0557 |

Na hionstraimí atá liostaithe thíos ina ndéantar tagairt don NIRG a bhfuil athbhreithniú suntasach ar leith beartaithe ina gcomhair ach nach bhfuil glactha go fóill. Beidh ailíniú na n-ionstraimí sin mar chuid de na hathbhreithnithe beartaithe sin.

**Tábla 4: Gníomhartha a bhfuil tograí beartaithe ina leith**

| **Réimse** | **Ionstraim** |
|---|---|
| AGRI | Rialachán (CE) Uimh. 110/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Eanáir 2008 maidir le sainmhíniú, tuairisc, cur i láthair, lipéadú agus cosaint sonraí geografacha deochanna biotáilleacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 1576/89 ón gComhairle |
| CLIMA | Treoir 2009/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le stóráil gheolaíoch dé-ocsaíd charbóin agus lena leasaítear Treoir 85/337/CEE ón gComhairle, Treoracha 2000/60/CE, 2001/80/CE, 2004/35/CE, 2006/12/CE, 2008/1/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006 |

| | |
|---|---|
| ENER | Rialachán (CE) Uimh. 713/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 lena mbunaítear Gníomhaireacht um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh |
| ENER | Rialachán (CE) Uimh. 714/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le coinníollacha rochtana ar an ngréasán um malartuithe trasteorann sa leictreachas agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1228/2003 |
| ENER | Treoir 2009/72/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le comhrialacha don mhargadh inmheánach sa leictreachas agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/54/CE |
| ENV | Rialachán (CE) Uimh. 850/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le truailleáin orgánacha mharthanacha agus lena leasaítear Treoir 79/117/CEE |
| ENV | Treoir 86/278/CEE ón gComhairle an 12 Meitheamh 1986 maidir le cosaint an chomhshaoil, agus go háirithe cosaint na hithreach, agus sloda séarachais á úsáid sa talmhaíocht |
| ESTAT | Rialachán (CE) Uimh. 1166/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le suirbhéanna ar struchtúr feirmeacha agus an suirbhé ar mhodhanna táirgeachta talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 571/88 ón gComhairle |
| ESTAT | Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Bealtaine 2003 maidir le haicmiú comhchoiteann aonad críche le haghaidh staidrimh (NUTS) a bhunú |

## 4. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT

Tá an togra seo bunaithe ar bhunús dlí gach ceann de na bunghníomhartha lena mbaineann.

Ní bhaineann an tionscnamh seo ach le nósanna imeachta atá le cur i bhfeidhm ar leibhéal an Aontais agus gníomhartha bunaithe ar chumhachtaí tugtha á nglacadh.

2016/0400 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena ndéantar roinnt gníomhartha dlí lena ndéantar foráil maidir le húsáid an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú a oiriúnú d'Airteagal 290 agus Airteagal 291 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 33, 43(2), 53(1), 62, 64(2), 91, 100(2), 114, 153(2)(b), 168(4)(a), 168(4)(b), 172, 192(1), 207 agus 214(3) agus 338(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[15],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[16],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Tugadh isteach le Conradh Liospóin idirdhealú idir na cumhachtaí arna dtarmligean chuig an gCoimisiún chun gníomhartha neamhreachtacha a bhfuil feidhm ghinearálta leo a ghlacadh chun eilimintí neamhriachtanacha áirithe de ghníomh reachtach a fhorlíonadh nó a leasú (gníomhartha tarmligthe), agus na cumhachtaí arna dtabhairt don Choimisiún chun gníomhartha a ghlacadh chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le gníomhartha de chuid an Aontais atá ceangailteach ó thaobh dlí a chur chun feidhme (dlíthe cur chun feidhme).

(2) Na bearta a fhéadfar a chumhdach le tarmligean na gcumhachtaí, dá dtagraítear in Airteagal 290(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, comhfhreagraíonn siad i bprionsabal dóibh sin a chumhdaítear leis an nós imeachta rialúcháin lena

[15] IO C , , lch. .
[16] IO C , , lch. .

ngabhann grinnscrúdú a bunaíodh le hAirteagal 5a de Chinneadh 1999/468/CE ón gComhairle[17].

(3) Maidir le tograí a rinneadh roimhe seo i dtaobh na reachtaíochta lena dtagraítear don nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú a ailíniú leis an gcreat reachtach a tugadh isteach le Conradh Liospóin[18], tarraingíodh siar iad[19] mar thoradh ar an stad san idirbheartaíocht idirinstitiúideach.

(4) Ina dhiaidh sin, i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[20], tháinig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún ar chomhaontú maidir le creat nua le haghaidh gníomhartha tarmligthe agus d'aithin siad go raibh gá leis an reachtaíocht atá ann cheana a ailíniú leis an gcreat reachtach a tugadh isteach le Conradh Liospóin. D'aontaigh siad, go háirithe, faoin ngá atá le hardtosaíocht a thabhairt d'ailíniú pras ar na gníomhartha bunúsacha uile atá fós ag tagairt don nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú. Gheall an Coimisiún go n-ullmhódh sé togra le haghaidh an ailínithe sin faoi dheireadh 2016.

(5) Comhlíonann formhór na gcumhachtuithe sna gníomhartha bunúsacha lena ndéantar foráil maidir le húsáid an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú, comhlíonann siad na critéir in Airteagal 290(1) CFAE agus ba cheart iad a oiriúnú don fhoráil sin.

(6) Comhlíonann cumhachtuithe eile sna gníomhartha bunúsacha lena ndéantar foráil maidir le húsáid an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú, comhlíonann siad na critéir in Airteagal 291(2) CFAE agus ba cheart iad a chur in oiriúint don fhoráil sin.

(7) I gcás ina dtabharfar cumhachtaí cur chun feidhme don Choimisiún, ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[21].

(8) I gcás cumhachtuithe áirithe atá i roinnt bheag de na gníomhartha bunúsacha lena ndéantar foráil faoi láthair maidir le húsáid an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú, tá siad tar éis imeacht as feidhm agus ba cheart, dá bhrí sin, iad a scriosadh.

(9) Níor cheart go ndéanfadh an Rialachán seo difear do nósanna imeachta atá ar feitheamh, ar chuir an coiste in iúl cheana féin a thuairim ina leith i gcomhréir le hAirteagal 5a de Chinneadh 1999/468/CE roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

(10) Ós rud é gur le nósanna imeachta ar leibhéal an Aontais, agus ar an leibhéal sin amháin, a bhaineann na hoiriúnuithe agus na leasuithe atá le déanamh, ní gá, i gcás treoracha, go ndéanfaidh na Ballstáit iad a thrasuí.

---

17 Cinneadh 1999/468/CE ón gComhairle an 28 Meitheamh 1999 lena leagtar síos na nósanna imeachta maidir le feidhmiú na gcumhachtaí cur chun feidhme arna dtabhairt don Choimisiún, (IO L 184, 17.7.1999, lch. 23).

18 COM(2013) 451 final, COM(2013) 452 final agus COM(2013) 751 final

19 (2015/C 80/08), IO C 80, 7.02.2015, lch. 17.

20 IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

21 Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

(11) Ba cheart, dá bhrí sin, na gníomhartha lena mbaineann a leasú dá réir.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear na gníomhartha a liostaítear san Iarscríbhinn mar a leagtar amach inti iad.

*Airteagal 2*

Ní dhéanfaidh an Rialachán seo difear do nósanna imeachta atá ar feitheamh, ar chuir coiste cheana féin a thuairim ina leith i gcomhréir le hAirteagal 5a de Chinneadh 1999/468/CE.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*